



Ciorclán 0015/2021

**Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí
Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha atá Aitheanta, Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais
agus Oiliúna.**

An t-eolas is deireanaí maidir leis an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí – Beartú Tosaíochta Cistithe

Réamhrá agus Cuspóir

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná comhairle a chur ar údaráis bainistíochta scoile, ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí maidir leis an gcinneadh chun tosaíocht a thabhairt do chistiú le haghaidh múinteoirí faoin Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí.

Tá an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. An cuspóir atá leis ná cistiú a sholáthar le haghaidh na gcostas a bhaineann le rannpháirtíocht cúrsa agus táillí scrúdaithe tar éis cúrsaí/bliana cúrsa forbartha gairmiúla a chríochnú go rathúil. Cuirtear an cistiú ar fáil le haghaidh cúrsaí atá ábhartha go sainiúil agus atá mar bhuntáiste do mhúinteoirí agus do scoileanna araon, agus atá faoi réir ag gradam le húdarás creidiúnaithe iomchuí atá aitheanta ag an Roinn Oideachais.

Tiocfaidh na hathruithe a achoimrítear sa chiorclán seo i bhfeidhm ar dtús le haghaidh aisíocaíochtaí a éilítear in 2023 a bhaineann le críochnú rathúil cúrsaí/bliana cúrsa le linn na tréimhse ó 01 Meán Fómhair 2021 go dtí 31 Lúnasa 2022. Beidh ceanglais an chiorcláin seo i bhfeidhm maidir leis an uile éileamh as sin amach. Tá réamhfhógra maidir le beartú tosaíochta an chistithe á thabhairt roimh do mhúinteoirí cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi chúrsaí ó 01 Meán Fómhair 2021.

Beidh aisíocaíochtaí le haghaidh cúrsaí/bliana cúrsa dar críoch roimh 31 Lúnasa 2021 i bhfeidhm mar is gnáth de réir mar a achroimrítear sa chiorclán bliantúil ábhartha iad.

Beidh an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí fós faoi réir ag athbhreithniú agus féadfar athruithe a chur i bhfeidhm ó thráth go chéile ar mhaithe le éifeachtúlacht na scéime a fheabhsú.



Súil siar ar an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí

Tá an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí á feidhmiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó 1997, agus tá sí á riar trí Institiúid Oideachais Marino (IOM). Mar fhreagairt ar fhorbairtí suntasacha beartais san oideachas agus ar athruithe curaclaim, coimisiúnaíodh athbhreithniú ar an Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí tríd an Rannóg um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn. Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo a dheimhniú go ndírítear na hacmhainní atá ar fáil ar na réimsí sin atá ag teacht le forbairtí curaclaim, le beartais na Roinne agus le straitéisí na Roinne atá ceaptha i leith feabhsúcháin scoile nó i leith athchóirithe córais.

Tar éis moltaí an athbhreithnithe a ghlacadh, is é moladh na Roinne anois é go gcuirfear na moltaí sin i bhfeidhm.

Príomh-mholadh an athbhreithnithe is ea gur chóir go mbainfí leas as an gcistiú atá ar fáil don Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí chun tús áite a thabhairt d'fhoghlaim ghairmiúil na múinteoirí i réimsí inar léir a nasc leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an measúnú.

Le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2021/22, .i. do ghach cúrsa/bliain cúrsa dar críoch 1 Meán Fómhair 2021 ar aghaidh, dáilfear 80% den chistiú le haghaidh na Scéime um Aisíoc Táillí Múinteoirí le go solárofar aisíocaíochtaí ar tháillí le múinteoirí cláraithe atá ag tabhairt faoi chláir ábhartha atá faoi réir ag tosaíochtaí beartais sna spriocréimsí seo a leanas:

- a) Uasoiliúint le haghaidh múinteoirí iar-bhunscoile, trína dtreorófar iad chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in ábhar breise, chun tacú le soláthar múinteoirí ar leibhéal na huar-bhunscoile.
- b) Ionchuimsitheacht agus dul i ngleic leis an míbhuntáiste
- c) An fholláine a chur chun cinn
- d) Na teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim, agus sa mheasúnú
- e) Feabhas a chur ar scileanna litearthacht agus uimhearthachta na ndaltaí
- f) Tionscnaimh churaclaim, lena n-áirítear réimsí réamhaitheanta an riachtanais chórasaigh a bhfuil tacaíocht acu ó bhainistíocht na scoile (aitheanta sa chiorclán bliantúil a bhaineann leis an tréimhse ina gcríochnaítear an cúrsa/an bhliain cúrsa).



Dáilfear 20% den chistiú atá fágtha le go soláthrófar aisíocaíocht ar tháillí do chúrsaí nach gceanglaítear leis na réimsí a achroimrítear thuas, ach lena sásaítear na critéir fós a leagtar amach sa chiorclán bliantúil.

Moltaí breise a glacadh:

- Níl cúrsaí atá cistithe cheana féin, bíodh sé mar chuid de nó san iomlán, ag an Roinn i dteideal cistiú a fháil ón Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí.
- Ní hiad ach na cúrsaí atá faoi réir ag gradam le húdarás creidiúnaithe iomchuí atá aitheanta ag an Roinn iad atá i dteideal cistiú a fháil ón Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí.
- Ní hiad ach na cúrsaí atá ceangailte go sainiúil leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúna, agus na cúrsaí a bhfuil tacaíocht acu ó bhainistíocht na scoile iad atá i dteideal cistiú a fháil ón Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí.

Feidhmiú na Scéime um Aisíoc Táillí Múinteoirí

Leagtar amach sonraí maidir le conas aisíocaíocht ar tháillí atá faoi réir na Scéime um Aisíoc Táillí Múinteoirí a éileamh i gclár bliantúil atá foilsithe ar shuíomh gréasáin IOM agus ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. Tríd an scéim, soláthraítear cistiú le haghaidh na gcostas a bhaineann le rannpháirtíocht cúrsa agus táillí scrúdaithe tar éis cúrsaí/bliana cúrsa forbartha gairmiúla a chríochnú go rathúil. Achroimrítear na critéir intofachta, na spriocdhátaí agus an próiseas iarratais sa chiorclán bliantúil, agus ba chóir é sin a léamh i dteannta leis an gclár seo.

Níl aon tionchar ag aon athruithe a achoimrítear sa chiorclán seo ar éilimh i dtaca le cúrsaí/bliain cúrsa dar críoch sna tréimhsí ó 1 Meán Fómhar 2019 chuig 31 Lúnasa 2020 agus ó 1 Meán Fómhar 2020 chuig 31 Lúnasa 2021. Caith súil ar an gclár bliantúil ábhartha maidir le héilimh a bhaineann le cúrsaí/blianta cúrsaí dar críoch sna blianta úd.

Ciorclaíocht agus Ceisteanna

Cuir an Ciorclán seo in iúl don fhoireann teagaisc ar fad, le do mhóirtheoil.

Beidh cóip an chiorcláin seo ar fáil ar www.education.ie



Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an gclár seo agus maidir le feidhmiú na scéime a chur tríd an ríomhphost chuig an Rannóg um Oideachas Múinteoirí sa Roinn Oideachais ar tes@education.gov.ie

Eisithe ag: Martin McLoughlin, Príomhoifigeach, An Rannóg um Oideachas Múinteoirí (An tOideachas Tosaigh do Mhúinteoirí agus An Fhorbairt Ghairmiúil)

Dáta eisithe: Feabhra 2021